

# IAD SEO NACH BHFACA

## BEAIRTLE Ó CONAIRE



Cló Iar-Chonnacht  
Indreabhán  
Conamara

An chéad chló 2010  
© Cló Iar-Chonnacht 2010

ISBN 978-1-905560-53-0

**Dearadh clúdaigh:** Clifford Hayes  
**Dearadh:** Deirdre Ní Thuathail



Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as  
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge as coimisiún a chur ar fáil don saothar seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Clóchur:** Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
**Teil:** 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie  
**Priortáil:** CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

## 1

**B**hí sé ina scéal mór sna páipéir, cúpla lá ó shin, ach bhí dearmad beagnach déanta ag Aibhistín de. Go dtí anois, nuair a dhúisigh sé as brionglóid. Aibhistín curtha i lár an scéil chéanna. Aibhistín, é féin, ag obair do Phedro. Is faoiseamh dó a cheapadh gur bhrionglóid a bhí ann. Tá geit bainte as agus codladh na hoíche amú air.

Damba a bhí trasna abhainn mhór sa tSibéir. Phléasc sé, de réir an scéil ar an teilifís. Stáisiún ollmhór hidrileictreach a bhí tógtha ar an damba. Droch-chothabháil ar an damba ba bhun leis scoilteadh. Ligeadh leis an tuile bháite, de na billiúin galún uisce, imeacht ó smacht, ag scuabadh an stáisiúin leis, ag léirsciosadh gach rud roimhe, tithe, crainn, daoine. Gan cumhacht dá laghad ag duine ná rialtas ar a huiscí. Súnámaí de dhéantús an duine. Sodom agus Gomóra, le huisce in áit bháisteach thine.

Ba é Pedro bainisteoir an stáisiúin, sa mbrionglóid. Ar an rialtas a bhí cúram an damba. Pedro agus airí an rialtais, ag seasamh le chéile, ag leagan milleáin ar Aibhistín faoi. Ráflaí á ligean amach ar chúl an téarma ag an rialtas agus ag Pedro. Go raibh Aibhistín ar an ól. Gur chúbláil sé airgead. Go raibh míriar san áit dá bharr. Leis an bhfírinne a cheilt. Le go gcuirfí dallamullóg ar an bpobal. É cinnte dearfa nach raibh sé ciontach. Chaithfeadh an

rialtas an milleán a chur díobh féin is ar dhuine éigin eile. Na póilíní ag teacht lena thógáil agus coir mhór a chur ina leith. Sa *ngulag* a chaithfeadh sé an chuid eile dá shaol. Éiríonn sé.

Mar a bheadh sé ag iarraidh éalú óna bhrionglóid, siúlann sé go réidh amach an cosán. Osclaíonn an geata meirgeach lena laghad gíoscáin uaidh agus is féidir. Géaraíonn sé ar a shiúl sa spéirghealach nó go sroicheann bóthar an chriathraigh. Níor shiúil sé an bóthar seo i gceart ariamh. Mar a bheadh air é a shiúl anois. Le dorchadas na hoíche ag cealú an tsaol, agus ciúnas mealltach an fhómhair ar a chluasa, d'fhéadfadh sé a bheith ag taisteal i saol eile, saol gan daoine. Mar go bhfuil siad ar fad ina gcodladh. Saol nach léir dó, ach amháin duibhe a scáilí éagruthacha, de sceacha is cnocáin anseo is ansiúd ar chaon taobh den bhóthar. Tá an bóthar cam, mar stríoc liath ag tréigean roimhe sa dorchadas. Leathmhíle isteach an bóthar, tá cnocán leathan tirim mar a mbíonn an lucht siúil campáilte ó chaitheadar imeacht óna n-ionad ag an gcrosbhóthar. Ní thugann sé suntas nach é seo an tráth bliana a mbíonn siad thart. Trí charbhán, le solas fós i ngach carbhán, ina líne le taobh an bhóthair. Faitíos air go n-aireoidh siad ag dul thart é. Cloiseann sé ceol trumpa as carbhán díobh ar a bhfuil an fhuinneog oscailte amach. Nuair a stopann an ceol cloiseann sé caint. Níor chuala sé ceol trumpa ó bhí sé ina ghasúr. Ceapann sé go n-aithníonn sé an port, 'The Connacht Man's Rambles', port a bhíodh sé féin ag iarraidh a sheinnt ar an orgán béil. Cuireann sé an milleán air féin i gcónaí nár choinnigh Eibhlín leis an gceol. Seans nár chuir sé a dhóthain suime ina cuid ceoil.

Thagadh an lucht siúil thart i mí na Bealtaine. Champáladís ar an taobh thoir den choill ag an gcrosbhóthar, mar a bhfuil an stáisiún peitрил anois, gan iarraidh

gan cead, ach oiread is dá mba leo féin é. Ba bhreá le hAibhistín a bheith ag faire isteach orthu le titim na hoíche, ó chúl an chlaí. Tine de mhaidí a bhailigh siad sa gcoill bheag ag béal an champa. Na daoine ina scáilí dubha ag bogadh anonn is anall os comhair na lasracha arda donnbhuí. Mar a bheidís i ndomhan eile, domhan draíochta. Shamhlaigh sé iad mar dhaoine ar leo an tír ar fad. Gan aon dualgas faoi leith orthu a bhainfeadh ó aoibhneas an tsaoil. Ansin, maidin amháin, bhíodh díomá air nuair a d'fheiceadh sé, ar a bhealach chun na scoile, go rabhadar glanta leo. Gan fágtha ina ndiaidh ach lorg dubh na tine sa bhféar. Ní fheiceadh sé ariamh ag teacht ná ag imeacht iad ach oiread leis na fáinleoga.

Ón am sin ba é mian a chroí a shaol a chaitheamh mar ba rogha leis. Ní mar sin a tharla. I dtús báire ar aon nós. Ní raibh tada ina aghaidh aige, post a ghlacadh mar oifigeach timpeallachta sa Roinn Fíoruisce agus Drochthailte, sa mbaile mór, nuair a chríochnaigh sé scoil. Cheap sé go raibh an t-ádh air post ar bith a fháil mar gur cheap chuile dhuine é. Bheadh an saol ar a thoil aige, le post agus árasán dó féin, as bealach gach smachta.

Ní raibh sé ach cúpla mí ag obair mar oifigeach timpeallachta nuair a tháinig fear tanaí isteach san oifig chuige. Ba dheacair aois a lua leis ón mbealach fuinniúil a bhí faoi, cé go raibh gné éigin seanórtha faoin ngléasadh paiteanta a bhí air.

'Shílfeá,' ar seisean, go ciúin, 'go bhfaigheadh fear óg ar nós thú féin obair eicint eile, níos tairbhí, le déanamh.' D'aithin Aibhistín ón ligean a bhí faoi nár strainséir san oifig é.

'Céard atá i gceist agat?' a d'fhreagair Aibhistín agus aoibh air, ag ceapadh gur ag spochadh air a bhí sé.

Chonaic Aibhistín ansin, ón amharc dáiríreach ina

shúile, nach magadh ar bith a bhí ann, agus chuir sé é féin in aithne go sollúnta mar D. T. Ó Broin.

Tharraing D. T. coiscéim siar uaidh, bhreathnaigh go staidéartha air, ag tógáil a mhiosúir. Chuir an t-amharc sna súile glasa míchompord air. Thuig sé nár ghnáth-chustaiméir é. Ní raibh aon acmhainn grinn le brath sna súile sin a bhí ag iarraidh ancaire a chur air. Bhí gach focal as a bhéal cinnte agus meáite. Ní raibh aon anonn ná anall leis. Mheas sé go raibh díomá sna súile, freisin, mar gurbh eisean, nua as an bpíosa, a bhí suite roimhe agus nach duine eicínt eile. Ach ní chuirfeadh bac beag mar sin as do D. T., ná ní athródh sé a sprioc, ar bhealach ar bith. Ba shoiléir go raibh misiún ina dhiongbháilteacht, misiún a chaithfeadh sé a chomhlíonadh. Duine a raibh a chreideamh ar aon dul lena mhisiún. Bhí Aibhistín sásta go raibh an léamh ceart aige air, ón gcaoi ar labhair sé, leis na súile dírithe air.

Ba léir óna shiúl, mar a leag sé gach orlach d'fhad a choise go tomhaiste ar an urlár, go raibh ceart áirid aige an Roinn a shealbhú, chomh maith leis na tionóntaí eile ann.

‘Céard seo atá sibh a dhéanamh leis an uisce?’

‘An t-uisce?’

‘An t-uisce glan folláin atá againn ó Dhia is ón saol.’

‘Céard faoi . . .?’ Bhraith Aibhistín, ar feadh meandair, greann a dhéanamh de. Ach ní fhéadfadh, mar bhí ceannas glactha ag pearsantacht D. T. ar an gcomhrá.

‘An amhlaidh nár léigh tú na litreacha ar fad atá scríofa agam chuig na páipéir ó thosaigh sibh ar an ealaín seo?’ Díomá air, ba léir, nach raibh Aibhistín ní b’eolasaí.

‘Céard atá ar an uisce, más ea?’ Ní raibh a fhios ag Aibhistín go baileach céard faoi a bhí sé ag cur de.

‘Níl tada *wrongáilte* leis an uisce, dá bhfanfadh sibhse glan air. An fhluairíd nimheanta sin atá sibh le cur ann.’

‘Mar gheall ar chúrsaí sláinte é sin. Sláinte an phobail.

Na fiacla. Ag tosú leis na fiacla. Fiacla na ndaoine a chosaint ó lobhadh.’

‘An dtuigeann tusa gurb é an t-uisce foinse na beatha. Sin é an fáth go bhfuil sé ina chomhartha ar ghrásta Dé. An bhfuil sibhse anois le dochar a dhéanamh dó?’ Bhí teannas i nglór D. T.

‘Níor chuala mé tada mar sin,’ arsa Aibhistín go neamhchinnte.

‘Níor chuala tú go lagann fluairíd toil na ndaoine. Tá sé sin cruthaithe ag saineolaithe i dtíortha eile.’

Rinne Aibhistín meangadh dá bhuíochas. Mar a bheadh faighte amach aige go raibh tuairimí aisteacha ag dul thart.

‘Toil mhuintir na tíre. Rud a chinn ar impireachtaí a dhéanamh. Ár dtoil a bhriseadh. Tá ár rialtas féin á dhéanamh dóibh anois.’

‘Cé hiad na saineolaithe seo, ar aon nós?’ Iontas i nglór Aibhistín.

‘Na saineolaithe a bhfuil taighde déanta acu air.’

‘Níl tada cloiste agamsa faoi seo. Caithfidh tú dul ag caint le duine eicint eile faoi.’

Ní raibh sé le ligean le hAibhistín chomh héasca sin. ‘Tá a fhios agat céard atá sa bhfluairíd. Druga. Le gur féidir le heachtrannaigh is aindiachaigh ón iasacht gabháil a dhéanamh ar intinn na ndaoine.’

Cé nár thug sé leathaird air, ba mhinic dó a ainm a fheiceáil le litreacha i nuachtáin is in irisí agus a phictiúr leo uaireanta. Níor léigh sé a chuid scríbhinní, ach bhí barúil aige go raibh meas orthu. Nó sin ní bheadh spás nuachtáin le fáil chomh réidh aige dóibh. Thuig sé freisin ón dúthracht a bhí air gur chreid sé go paiseanta ina chuid cainte féin. Is é sin go raibh muintir na tíre agus todhchaí na tíre i mbaol. Agus bhí sé san aer le fada go bhféadfaí athrú bunúsach a chur ar phróiseas smaoinimh an duine le

drugaí. Le go ndéanfadh sé mar a déarfaí leis, ag a chuid máistrí, gan neart dá laghad aige air. Mar a rinne na cumannaigh leis an gCairdinéal Mindszenty. Léadh a mháthair os ard dó na cuntais fhada sa nuachtán faoin gCairdinéal is é i bpriosún ag na cumannaigh, oíche i ndiaidh oíche. Cé gur beag de a thuig sé, theastaigh uaidh é a chloisteáil. Thóg sé ón scéal, ón gcaoi a míníodh a mháthair dó, nach raibh toil an duine slán ní ba mhó.

‘Druga atá i gceist agatsa.’

‘D’ól daoine uisce ariamh agus lobb fiacla ariamh. Mar go bhfuil sé nádúrtha dóibh lobbhadh. Mar a d’ordaigh Dia. Níl sé nádúrtha uisce maith glan le n-ól, a thruailliú le ceimicí.’

‘Tá fluairíd san uisce i Sasana le fada.’ Aibhistín sásta go raibh an méid sin ar a laghad ar eolas aige.

‘Anois, tá tú ag caint,’ a d’fhreagair D. T. is a mheon ag ciúiniú.

‘Is beag lobbhadh atá ag teacht ar fhiacla gasúr ann ó shin. Tá na figiúirí ann leis sin a thaispeáint.’

‘Go díreach.’

‘Mar sin . . .’

‘Níl muid anseo ag iarraidh a bheith cosúil leo. Ar léigh tú *The Sun* nó *The News of the World* ariamh? Tá an toil agus, dá bharr, an mhoráltacht caillte leis. Ní bheidh tada dár gcultúr daonna fágtha. Sin é an t-impriúlachas nua a bheas ag leathnú mar dhíle anall orainne sa tír seo mura seasfaidh muid roimhe.’

‘Tá tú ag caint leis an duine mícheart, a deirim. Ní fúmsa aon socrú mar sin a dhéanamh. Gheobhaidh mé duine . . .’

‘Tá an Roinn seo mar chuid den chomhcheilg chomh maith.’

‘Gabh mo leithscéal anois.’ Aibhistín ag fiafraí de féin an mbeadh mórán eile mar é ag teacht isteach chuige.



‘Níl mise ag glacadh leithscéil le haon duine an fhírinne a inseacht.’

‘Comhcheilg a chuir tú i mo leith.’ Olc ag borradh istigh ann. Chaitheadh sé a thalamh a sheasamh.

‘Céard eile é ach comhcheilg? Agus déarfaidh mé arís é: tá chuile dhuine agaibh atá ag obair sa Roinn Fíoruisce agus Drochthailte páirteach ann.’

‘Sa gcomhcheilg?’

‘Sa tréas.’

‘Tréas! Comhcheilg a bhí ar dtús ann, más fíor duit.’

‘Is mar a chéile iad. Tréas agus comhcheilg. Sa gcás seo.’

‘Bhfuil tú ag iarraidh labhairt leis an Rúnaí, ceann na Roinne?’

‘Tá aithne agam air.’

‘Tá nó níl?’

‘Is le labhairt leis atá mé anseo.’

Rug Aibhistín ar an teileafón agus ghlaoigh sé ar Eibhlín, a bhí sa deasc ba ghaire don doras. ‘Tá fear anseo ar mhaith leis labhairt leis an Rúnaí.’

‘Cén t-ainm atá air?’

‘Ó Broin. Sea, D. T. Ba mhaith leis –’

‘Ó,’ ar sise, á stopadh mar a bheadh geit ina glór. Tár éis cúpla nóiméad bhí sí ar ais is dúirt, ‘Níl an Rúnaí ar fáil anois.’

‘Níl an Rúnaí istigh,’ a dúirt sé le D. T. Ó Broin.

‘Sin é a cheap mé. Nach mbeadh sé istigh,’ arsa D. T. mar a bheadh sé ag súil leis. Ansin d’athraigh sé cúrsa. ‘Taobh istigh den tír atá an t-ionsaí seo á dhéanamh. Taobh istigh den tír a chaithefear é a throid.’ Leis sin, gan focal a rá, thug sé an doras air féin.

Tamall ina dhiaidh sin buaileadh cnag ar an doras. Chuir an Rúnaí, Pedro, a chloigeann isteach i dtosach agus

chaith súil aireach timpeall na hoifige. Pedro, a bhí ní ba mhó mar theideal ná mar ainm dó, againne san oifig, ag daoine eile agus aige féin. Ansin, mar a thiocfadh athrú tobann ar a mheon agus gur phearsa eile é, shiúil sé isteach go fuinniúil agus gotha míshásta ar a éadan.

‘Céard a thug isteach é sin arís ar maidin?’ ar sé agus teannas ina ghlór.

‘An tUasal Ó Broin?’

‘D. T. atá mé a rá.’

Ansin d’athraigh Pedro a mheon go tobann, arís, is dúirt go mall meáite, ‘Má roghnaíonn sé teacht anseo arís ar chúiseanna nach léir d’éinne ach dó féin, bíodh sé intuigthe dósan, agus do chách, gurbh é do chúram agus do dhualgas é déiléal leis mar is cuí, i gcomhthéacs ghnáthí na hoifige seo, ag teacht le dea-chleachtas, más féidir, nó chomh fada agus is féidir. Tuigean tú sin.’

Ní raibh Aibhistín in ann focal a rá ach coinneáil ag breathnú ar Phedro mar a bheadh sé ag súil le foilsíú breise uaidh faoi na geasa seo a chur air. Tháinig díocas ar ais ina ghlór, agus mar a bheadh athrú eile ar a phearsantacht, agus é ag labhairt i dteanga eile, dúirt sé, ‘An dtuigean tú céard atá ráite aige sin fúmsa? Ní amháin ráite ach scríofa sna páipéir, aon pháipéar a thug aird ar a chuid seafóide, agus b’in iad ar fad. Is beag nach bhfuil scéim na fluairíde sa gcóras uisce poiblí curtha dá bhonn aige. Ba é an tAire a leag ormsa, go pearsanta, cúram na scéime a thógáil ar láimh, mar go bhfuil deifir aige leis. Ní féidir ligint le líomhaintí in aghaidh cheann na Roinne ná in aghaidh na Roinne.’

‘Ní chreidfidh aon duine é. Sa lá atá inniu ann.’ Ní raibh Aibhistín cinnte céard le rá.

‘Céard atá tú a rá?’ arsa Pedro go teann. Bhí a éadan ag deargadh, rian de dhíomá ina ghlór agus a lámha á

luascadh anonn is anall. ‘Tá daoine ag tabhairt airde air. Creideann daoine é. Tá casaoidí as éadan ag teacht chun na hoifige. Tá eagras bunaithe acu. Na Pro Patriaigh. Go mba slán an tsamhail.’ Bhí an teannas ina ghlór ag méadú. ‘Má éistear leo cuirfidh siad an Roinn seo agus dul chun cinn na tíre in aer. Agus tuig é seo in am. Mar ní stopfaidh siad leis an uisce má ghéilltear dá gcuid díth chéille.’

Tugann Aibhistín faoi deara go bhfuil lámha Phedro anois ar crith. Stopann sé den chaint go tobann is cuireann ina phócaí iad, lena bhfolú uaidh. Breathnaíonn sé faoi. Iompaíonn Pedro i dtreo an dorais, ach sula dtéann sé amach, deireann mar aguisín dá chomhrá, ‘Cuimhnigh go bhfuil go leor daoine ann anois a chreideann nach dtuigeann an Roinn a gnóthaí féin, nó sin, gur cuma leo. Tá drochdhaoine déanta dinn ar fad aige, tusa ina measc. Níor tharla sé seo ariamh cheana. Tá mise anseo le polasaí a chur i gcrích, go práinneach, gan am agam d’aon chur isteach.’



Shéid Eibhlín thairis i bhforhalla na hoifige, a ceann crochta, giodam fúithi agus torann a sála arda faoin urlár ag cnagadh trup trap go rithimeach aniar ina diaidh. B’in an chéad uair a thug Aibhistín suntas ceart di. Bhí amanta ann roimhe sin, ar an bhfón, nuair a thugadh sí teachtaireachtaí chuige nó uaidh, go foirmeálta, neamhphearsanta. Ardnós, nó uabhar seans, a bhí sa leagan a bhí fúithi, a tharraing a spéis inti, nó sin, a chlaonta féin a bhí á cheapadh. Chuirfeadh sé caidéis uirthi, agus chuir. Má chuir, b’amhlaidh a bhí an mhistéir ag leathnú. Í sách cúramach, sibhialta ina cuid cainte. Gan leide ar bith ann d’aon mhothúchán, dar leis. Ar an oifig a leag sé milleán.

An post a bhí aici ró-éasca dá meabhair. Ní raibh dabht nach raibh sí cliste. Bhí sin le léamh ina súile is ina meon. A pearsantacht á creimeadh ag oifigiúlacht na hoifige, mar a d'airigh sé ag tarlú dó féin ón gcéad lá. Ní raibh leigheas aige air ach slán a fhágáil ag an Roinn, nuair a bheadh na cúinsí feiliúnach dó.

Níorbh fhear é Aibhistín a dhéanfadh aon bhrú ar an doicheall i gcúrsaí ban. Faitíos míréasúnta éigin a thug sé leis, óna óige, go ndiúltófaí é. Cosaint instinneach a chaithfeadh sé a dhéanamh ar a phearsantacht. Diúltú fánach ar bith, chuirfeadh sé a fhuil ag coipeadh is a intinn ar míshuaimhneas.

Nuair a bheadh Eibhlín ar tí dul trasna an bhóthair chuig Café Arabica d'fhéadfadh sé a rá go raibh seisean é féin ag dul. Ba í féin an t-aon duine san oifig a théadh amach. Ar an gceaintín sa Roinn a thrialladh an dream eile. Ach ó tharla nach raibh ugach ar bith tugtha aici dó, agus gan ach doras oscailte idir iad ag a gcuid oibre, níor chuidigh sin leis. Ar bhonn gairmiúil a bhíodh aon chumarsáid eatarthu, agus freisin le gach duine san oifig agus leis na custaiméirí a raibh air déileáil leo.

Bhí Aibhistín den tuairim nár ar dhuine mar é féin a chaithfeadh sí súil. Mar sin féin, ghrinnigh sé a lámh chlé ag súil nach bhfeicfeadh sé fáinne. Bean baile mhóir a bhí inti nó a chaith bunáite a saoil ann. Nósanna an bhaile mhóir aici. Sin an fáth a raibh an ligan fúithi agus gur bhreathnaigh sí difriúil d'aon chailín eile. Leis na súile móra donna agus an ghruaig fhada dhubh ag sleamhnú ar a guailí, bhí sé deacair air a shúile a choinneáil di. Bhí a réasún ag rá leis fanacht glan uirthi ó tharla socraithe go fuarchúiseach ina intinn nárbh í a dheis í. Ach is amhlaidh a mhéadaigh a híomhá ina intinn, dá bhuíochas. Chaith sé an chulaith ab fherr chuig an obair agus chuir cóiríú

cúramach, le loinnir ola, ar a chuid gruaige. Bheadh sé sa bhfaisean, nó cheap sé go raibh, ach ní bheadh sé go deo ach ag sodar i ndiaidh Eibhlín sna cúrsaí sin; éadaí nua uirthise gach dara lá agus stíl a cuid gruaige ar aon dul leo.

Ní raibh cúis faoi leith ar bith ag Aibhistín dul isteach i gCafé Arabica an mhaidin Shathairn seo, ach chun an páipéar a léamh ar an gcúlraíd, mar a shíl sé. Thiocfadh sé le cupán tae chomh réidh céanna in aon áit eile. Beirt chustaiméirí a bhí roimhe agus iad sáite i nuachtáin na maidne. Mhóthaigh sé suaimhneas na háite nuair a d’oscail sé an nuachtán roimhe ar an mbord. Ní thaitníodh leis ariamh a chuid súil a bheith folaithe ó phé a bheadh ag corraí timpeall air. Bhí sé go domhain sa gcolún litreacha nuair a d’airigh sé duine ina seasamh ag an mbord. Baineadh geit as nuair a d’ardaigh sé a cheann.

‘Bhfuil mé ag cur isteach ort?’ a d’fhiafraigh Eibhlín is loinnir mhioscaiseach ina súile.

‘Níl.’ D’fhill sé an páipéar as an mbealach. ‘Cén fáth go mbeadh? Suigh síos.’ Rinne sé iarracht cathaoir a bhrú amach ón mbord di, ach roghnaigh sise cathaoir eile agus shuigh os a chomhair. Bhí an chaint ar mhaith leis a dhéanamh bainte de. Ní raibh súil ar bith aige go mbeadh Eibhlín thart ar an Satharn, go háirid in áit a bhí chomh gar dá hionad oibre. Ní raibh a intinn réidh ar bhealach ar bith le stangadh a bhaint as ag an tráth sin ar maidin. Thug sé faoi deara athrú uirthi, a bhí ag teacht lena hiompar, a gléasadh réchúiseach is a meon.

‘Ní fhaca mé anseo cheana thú,’ a bheannaigh sí go suáilceach.

‘Ní fhaca. Beidh cupán . . .’ D’airigh sé místuama.

‘Tá tú mall. Tá caife ordaithe agam.’

Sórt mearbhaill air. Níorbh í an duine céanna chor ar bith í ar shíl sé a raibh aithne aige uirthi. An duine a bhí

ceaptha aige ina intinn. Mar a bheadh an duine nó an scáil de dhuine ag dalladh a shúl ar an bhfiordhuine. Níor cheap sé ariamh go gcuirfeadh a intinn féin amú é. Chomh mór sin as marc. Ba dheacair leis a chreidiúint go raibh a intinn ar strae.

‘Mise ag ceapadh go raibh an áit seo agam dom féin.’  
Bhí fonóid ina glór.

‘Níor chuimhnigh mé . . .’ Ní raibh a fhios aige céard nár chuimhnigh sé.

‘Is fíorannamh a thagaim anseo ar an Satharn,’ ar sí go leithscéalach.

‘Ná mise. Tá beirt againn ann.’

‘Is maith liom an caife anseo.’

‘Tá an caife go maith anseo, ceart go leor.’ Ní raibh caife ar bith go maith chomh fada is a bhain le hAibhistín, ach ar a anam chaitheadh sé aontú léi ar an bpointe sin.

‘Dé Sathairn an lá is cruogaí mise agus is fearr liomsa.’  
Thosaigh sí ag inseacht dó mar a bhí sí leis an deireadh seachtaine a chaitheamh: an réiteach a bhí le déanamh aici bualadh lena cairde. Í ag dul leo go coirm cheoil i staidiam, páirc nó garraí eicínt. Níor chuala sé faoin ngrúpa ceoil ach oiread. Suim aige sna rudaí sin ar fad, mar ó Dhia. A deartháir is a hathair, le comharsana eile, leis an lá a chaitheamh ag péinteáil is ag cóiriú an tséipéil i gcomhair theacht an easpaig. Mheabhraigh sin dó nach raibh aon chairde aige féin ach Cuimín. Is ar éigean a chonaic sé Cuimín ó chuaigh sé ag obair sa mbaile mór. Bhí sé cinnte go raibh an cara amháin sin aige. Duine cosúil leis féin, nach dtréigfeadh é. Ag feilméarachta a bhí sé ón am sin. Ní raibh mórán eile i Ros Geal le bheith mar chairde ach daoine ní ba shine. Ag feilméarachta a bheadh seisean freisin, murach gur fhág sé baile. Maidir lena athair is a mháthair, ní raibh aon rud le rá fúthu a mbeadh suim aici

ann. Ní hamhlaidh go raibh tuismitheoirí Eibhlín pioc ní ba spéisiúla ach rinne sí spéisiúil iad le mionsonraí fúthu a tharraingt isteach sa scéal. Sin bua nach raibh aige féin. Ní chuimhneodh sé nithe fánacha mar sin a lua in aon chomhrá cé gur shuim leis féin iad ó bhéal dhaoine eile. Ní raibh sé in ann cuimhneamh ach bealach amháin.

‘Tá ormsa imeacht,’ ar sí, gan fáth a lua, ag bailiú chuici a mála ón urlár.

‘Níl ort dul ar ais chuig an oifig inniu,’ ar sé is dánaíocht ina ghlór. Ní mar sin a bhí sé ag iarraidh é a chur.

‘Ná bí ag magadh.’

‘Níl muid ach ag caint,’ a d’fhreagair sé, ag sonrú a raibh de dhaoine tagtha isteach gan aireachtáil ó shuigh Eibhlín chun boird. Bhí sí imithe sula raibh deis aige socrú a dhéanamh léi casadh le chéile arís. Deis iontach cailte aige, d’airigh sé. Maidí le sruth arís. Cladhaireacht nó faitíos. Ba chuma. Mhisnigh sé é féin a cheapadh go mbíonn gach tosú lag. Níorbh ionann an cás seo agus cásanna eile. D’fheicfeadh sé arís Dé Luain í, agus cúig lá gach seachtain. Thuig sé gur dhuine difriúil a d’fheicfeadh sé as seo amach. Oibrí oifige a bhí le feiceáil aige go dtí sin, duine gairmiúil, neamhphearsanta. I ndáiríre ní raibh aon ghné dá pearsantacht á nochtadh aici le linn a cuid oibre. Pearsantacht eile nárbh aithin d’aon duine a bhíodh le feiceáil: pearsantacht neodrach, fuarchúiseach, gan mhothúcháin. Bhí an aithne cheart anois aige uirthi. Bhí baol ann i gcónaí gurbh í pearsantacht na hoifige a d’fhanfadh in uachtar, le ham, agus go bhfaigheadh a fíorphearsantacht bás. Bhí an baol céanna, nó ní ba mheasa, air féin dá bhfanfadh sé i bhfad eile sa Roinn.

Gach seans go raibh a phearsantacht féin ag tréigean is ag fáil bháis i ngan fhios dó. Go raibh a chuid mothúchán is instinní ag tál amach as. Nach mbeadh fágtha de sa

deireadh ach duilleog fheoite ar chraobh. Duine a dtiocfadh meangadh ar a éadan nach mbeadh ag freagairt d'aon mhothúchán. Duine a bheadh ag caint is gan tada á rá aige. Gur de réir rialach a dhéanfadh sé pé rud a bhí le déanamh, mar a bheadh leagtha amach dó. Go mbeadh gach focal óna bhéal meáite. Gur mhar a chéile aige an t-olc is an mhaith, má dúirt riail é. Go mbeadh a chuid dualgas ar fad ag freagairt do rialacha. Rialacha a rinne daoine eile dó le leanacht. Nach mbeadh cinneadh morálta ar bith ina shaol.

A mhalairt ar fad de shaol a shamhlaigh sé roimhe, chomh fada siar is ba chuimhneach leis. Theastaigh uaidh a bheith saor; óna thuismitheoirí ar dtús, ansin ón scoil, ansin arís ón eaglais agus, ar deireadh, ó na trí cinn le chéile. Cheap sé go raibh an aidhm sin á baint amach aige nuair a fuair sé post mar oifigeach sa Roinn, nó gur thuig sé nach bhféadfadh ach an neamphearsantacht chéanna a bheith ag gach duine sa Roinn, ach amháin Pedro agus daoine thart air, a bhí oifigiúlaithe ó Dhia is ón saol.

Ní raibh paidir ná cré le bheith ina shaol go deo arís. Gach uair a chuimhníodh sé mar a theorannaigh siad a shaol, thagadh díomá air. É curtha isteach ina chloigeann ag an scoil go raibh sairse bainte amach ag an tír. Chreid sé é sin, nó gur thit an scamall dá shúile. Níl sé in ann cuimhneamh cén bóthar go Damascus ar tharla sin dó. Ní d'aon iarraidh amháin ar aon nós, ach de réir a chéile. An t-ádh ceart air gur tharla sé. Go leor daoine ann nár athraigh ariamh agus nach bhfuil intinn fágtha acu le n-athrú. Cé go n-airíonn sé fós greim ag an eaglais air. Mar scáil nach féidir fáil réidh léi, aniar ina dhiaidh.





Is iontach mar a théann duine i gcleachtadh na hoíche, a cheapann Aibhistín. Ní airíonn sé an fuacht níos mó. Tá sé ag dul ar aghaidh sa dorchadas, cé nach léir dó céard atá roimhe. I ndáiríre, ní mhothaíonn sé aon saol eile ina thimpeall ach saol an dorchadais níos mó. Ar nós an duine daill, deirtear go dtéann seisean freisin i gcleachtadh an dorchadais agus déanann a bhealach tríd.



‘Tá an áit seo níos deise ná an áit atá agamsa,’ a deir Aibhistín go leathmhagúil.

‘An gceapann tú sin?’ arsa Eibhlín. Mar a bheadh sí in ann a intinn a léamh, caitheann sí súil go neamhairdeallach timpeall a hárasáin.

‘Céard a déarfá? An bheirt againn.’

‘Tá an iomarca ólta agat,’ ar sí, ag baint óna mhian.

‘Níl fáth ar bith nach mbeadh muid ag maireachtáil le chéile.’ Tar éis na haithne a bhí aige uirthi níor airigh sé ar a chompond. Loic sé go minic cheana na rudaí seo a rá, ach bhí rún aige an oíche sin gan aon anonn ná anall eile a bheith faoi.

‘Ní raibh tú ag caint mar seo cheana, ó thosaigh muid ag dul amach le chéile,’ ar sí, gan iontas ar bith le brath ina glór.

‘Táim i ndáiríre,’ arsa Aibhistín agus athrú suntasach le feiceáil ina éadan. Imní anois air faoin neamhaird a thug sí ar a iarratas.

‘Ní bheadh sé ceart,’ ar sí, ag breathnú os íseal air, á mheas.

‘Cé a dúirt leat é sin?’

‘Tá a fhios agam féin an méid sin. Nach mbeadh sé ceart.’

‘Ní bheadh sé ceart le Dia,’ ar sé le fonóid.

‘Níor labhair mise ar Dhia.’ Bhreathnaigh sí go dáiríreach air.

‘Ar aon nós . . .’ ar sé ag éirí ina sheasamh.

‘Dála an scéil,’ ar sise is iontas ina glór, ag deifriú chun a seomra, ‘níor chuala tú port ar an veidhlín uaim fós.’

Bhí sí ar ais leis an veidhlín sula raibh sé suite ar ais ina chathaoir agus í ag seinm go tomhaiste le rithim a d’aithin sé ar a chluasa. Ní suim mhór a bhí aige i gceol. Go tobann leag sí uaithi an veidhlín. D’éirigh sé ina sheasamh arís ach ní d’aon turas é. D’airigh sé a intinn ar seachrán.

Shiúil Eibhlín ina threo. Níor theastaigh uaithi go n-imeodh sé. Bhí a shúile lasánta ag lonradh amach uirthi. D’airigh sí a amharc ar a colainn, ar fud a colainne.

Níor thaitin léi mar a tharraing sé Dia isteach sa scéal. Níor chall di sagart ná eaglais a cheadú. B’eol di céard é comhairle an tsagairt. An chomhairle chéanna a thugadh sé di i gcónaí, ina déagóir: go gcaithfeadh sí a croí a choinneáil glan, go gcaithfeadh sí ábhar an oilc nó an chathaithe a sheachaint. D’airíodh sí ciontach nuair a bhíodh uirthi an peaca céanna a admháil uair i ndiaidh uaire. Bhíodh sí sásta go raibh a cionta maite, mar a thugtaí air, ach rún daingean, mar choinníoll, gan ligean dó tarlú arís. Fios aici nach mairfeadh an rún daingean thar aifreann an Domhnaigh, lá arna mhárach go minic.

Rud eile ar fad a bhí ann beirt ag maireachtáil le chéile is gan iad pósta. Ag maireachtáil i bpeaca mar a déarfadh an sagart, seacht lá na seachtaine. Sa gcás sin, ní bheadh faoistin i gceist, ná maithiúnas, ná slánú, ná beatha shíoraí. Bhí sé ag fáil ní ba dheacra in aghaidh an lae cloí leis na hidéil a bhí curtha os a comhair le leanacht. Idéil an ama sin. Sula raibh sí ocht mbliana déag, agus i bhfad roimhe, bhí na hidéil sin cailte aici, ceann i ndiaidh an chinn eile.